Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí

Junior Cycle Final Examination

Gaeilge T2

Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal

Triail éisteachta shamplach CSS

Tá ceithre cheist sa triail seo: Ceist 1, Ceist 2, Ceist 3 agus Ceist 4.

Ceist 1: Cainteoir

Iarfhlaith Ó Gallchóir anseo. Tá mé i mo chónaí in aice le Leifear i gContae Dhún na nGall.
Tá beirt deartháireacha agam, Séamus agus Eoin. Tá Séamus san Astráil ag obair mar innealtóir agus tá Eoin i nGaillimh ag freastal ar Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Tá an-spéis agam i gceol tíre agus bím ag éisteacht go minic leis ar m'fhón póca. Is aoibhinn liom an ceoltóir Nathan Carter agus chuaigh mé chuig ceolchoirm dá chuid anuraidh.

Ceist 2: Fógra

An príomhoide anseo. Tá fógra agam daoibh. Mar is eol daoibh níl an córas teasa ag obair ó am lóin inniu. Mar sin, beidh an scoil dúnta amárach agus an lá dár gcionn chun an córas a dheisiú. Osclófar an scoil arís maidin Dé Luain seo chugainn. Sheol mé téacs chuig bhur dtuismitheoirí faoi seo.

Ceist 3: Píosa nuachta

Tá Páirc Fhoraoise Loch Cé suite in aice le Mainistir na Búille i gContae Ros Comáin. Is ionad saoire iontach í Páirc Fhoraoise Loch Cé don chlann ar fad. Tá go leor le déanamh ann do gach aoisghrúpa. Is féidir dul ag dreapadóireacht i mbarr na gcrann, dul ar thuras báid nó dul ag rothaíocht ar fud na háite. Tá bialann álainn agus siopa deas ann freisin.

educate.ie

Ceist 4: Comhrá

Tomás:	Dia dhuit, a Mháire. Cad a thugann go hIonad Siopadóireachta Dhún Droma i mBaile Átha Cliath thú inniu?
Máire:	Ó Dia is Muire dhuit, a Thomáis. Táim féin agus mo chairde ag siopadóireacht anseo inniu.
Tomás:	Conas atá an tsiopadóireacht, a Mháire? Ar cheannaigh tú aon rud duit féin?
Máire:	Tá an tsiopadóireacht ar fheabhas. Tá siopaí iontacha agus bialanna áille anseo. An rud is fearr liom ar fad ná na sladmhargaí den scoth atá ar fud na háite. Agus tá an rogha faisean ar fheabhas. Cheannaigh mé éadaí galánta, bróga aoibhne agus mála láimhe dom féin go dtí seo. An bhfuil tú féin ag siopadóireacht anseo, a Thomáis?
Tomás:	Nílim, a Mháire. Is amhlaidh go bhfuilim ar cuairt chuig mo chol ceathracha. Táimid ar an mbealach chuig an bpictiúrlann anois go bhfeicfimid an scannán *The Avengers: End Game*. Ina dhiaidh sin, táimid le dul chuig bialann Iodálach i gcomhair dinnéir.
Máire:	Ní bheidh díomá ort i dtaobh an scannáin, a Thomáis. Chonaic mise *The Avengers: End Game* an deireadh seachtaine seo caite agus bhí sé ar fheabhas. Tugann Brie Larson taispeántas iontach aisteoireachta agus tá an t-aicsean ar fad dochreidte. Bain taitneamh as.
Tomás:	Slán agat, a Mháire.